POST anpostschoolbag.ie

Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha

STAIR AGUS GAEILGE

Réamhrá

Léirítear sa sliocht seo a leanas an saol a bhí ag gnáthdhaoine in Éirinn sna 1900idí luatha. Is féidir leis na páistí comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an saol sin agus a saol féin. Cabhróidh an ghníomhaíocht seo leis na daltaí a scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus oibrithe mar staraí a fhorbairt.

Gníomhaíocht – Léamhthuiscint

Nóta don Mhúinteoir
Is do dhaltaí níos óige/iad siúd a dteastóidh tacaíocht bhreise uathu an chuid atá i ndath gorm. Féadfaidh daltaí níos sine agus daltaí níos cumasaí an téacs agus na ceisteanna ar fad a úsáid.

"In 1911 bhí coinníollacha na tithíochta i mBaile Átha Cliath níos measa ná áit ar bith eile sa Ríocht Aontaithe. Ar Shráid Henrietta, i dtuaisceart na cathrach, chónaigh 835 duine i 15 theach. In Uimhir 7 amháin, bhí 104 duine ag roinnt an tí. Sna tionóntáin i lár chathair Bhaile Átha Cliath go háirithe, bhí an mhortlaíocht go dona ann, agus fuair os cionn 50% de na páistí in go leor teaghlach bás. Ba é an gnáthbhia do dhaoine sa lucht oibre in 1911 arán, gan im go hiondúil, agus tae láidir. B'annamh a bhíodh feoil acu, seachas bagún saor, agus ní minic a bhíodh glasraí, seachas cabáiste agus prátaí, acu ach an oiread. Ba rud do dhaoine saibhre torthaí agus ní minic a d'fheictí a leithéid. Bhí gual ródhaor do go leor daoine, agus dhóití píosaí adhmaid, uaireanta fiú a n-urlár agus a gcláir sciorta féin, chun an seomra a théamh agus chun bia a chócaráil." **Foinse:** Ionad Cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire

Ceisteanna

1. Cá raibh Sráid Henrietta?
2. Cé mhéad duine a chónaigh in Uimhir 7 ar Shráid Henrietta?
3. Cé mhéad duine a chónaíonn i do theachsa?
4. Meas tú cén chaoi a mbeadh an saol agus tú i do chónaí i dteach leis an méid sin daoine?
5. Sna 1900idí luatha, cén saghas bia a d'itheadh formhór na ndaoine?
6. Cén saghas bia a itheann tusa gach lá go hiondúil? Cén difríocht atá idir sin agus an bia a d'ití fadó?
7. Meas tú cén fáth a ndódh daoine a n-urlár agus a gcláir sciorta féin uaireanta chun an áit a théamh agus chun bia a chócaráil?
   Céard eile a d'fhéadfaidís a dhó meas tú?
8. Tugtar 'Finné na Staire' ar an ionad nua do chuairteoirí in Ard-Oifig an Phoist. Cén fáth ar tugadh sin air meas tú?
   Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoin gcaoi a chónaíodh daoine (idir shaibhir agus daibhir) céad bliain ó shin?
9. Mínigh an abairt a deir go bhfuil Baile Átha Cliath sa Ríocht Aontaithe (ní in Éirinn).
10. Cén fáth nach n-itheadh daoine mórán feola, glasraí ná torthaí an t-am sin meas tú?
11. Mínigh an bhrí atá leis na focail seo a leanas:
    (i) tionóntáin (ii) mortlaíocht (iii) coinníollacha (iv) lucht oibre (v) b'annamh

POST anpostschoolbag.ie

Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha

STAIR AGUS GAEILGE

Saol gnáth-theaghlaigh i gcomparáid le saol teaghlaigh shaibhir in Éirinn sna 1900idí luatha.

Léaráid A: Teaghlach i dTionóntán sna 1900idí luatha

Léaráid B: Teaghlach Saibhir sna 1900idí luatha

Foinse: Ionad Cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire

1. Taispeáin Léaráid A agus Léaráid B do na daltaí.
2. I mbeirteanna, iarr orthu na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá phictiúr a phlé
3. Spreag iad le breathnú ar na seomraí sa dá theach, an troscán, bail agus cuma na ndaoine, na n-éadaí agus na rudaí atá le feiceáil sa dá léaráid.
4. Cuir an rang ar fad ag plé na ndifríochtaí idir an chaoi a chónaíodh gnáthdhaoine agus daoine saibhre sna 1900idí luatha – dírígí ar áiteanna cónaithe, éadaí agus bia.
5. Ansin iarr ar na daltaí an saol sna 1900idí luatha a chur i gcomparáid lena saol féin. Is féidir a bhfreagraí a thaifead ar an gclár idir dhá cholún: 'Na 1900idí luatha' agus 'Saol na linne seo.'

Scríobh faoi!

Do ranganna níos óige

Pléigh an chuid den sliocht ar an gcéad leathanach a luann gur chónaigh 104 duine in Uimhir 7 ar Shráid Henrietta. Iarr ar na daltaí an líon daoine a chónaíonn leosan a phlé agus na difríochtaí a bheadh ar an saol dá mbeadh 104 duine ina gcónaí leo. Ansin iarr orthu an abairt thíos a chóipeáil agus a chríochnú, agus pictiúr a tharraingt de. Is féidir le daltaí i rang a haon agus i rang a dó trí nó ceithre abairt eile a scríobh ag cur síos ar an saol in Uimhir 7 ar Shráid Henrietta.

Cónaíonn_____ liomsa (naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra)

POST

anpostschoolbag.ie

Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha

STAIR AGUS GAEILGE

Do ranganna níos sine/daltaí níos cumasaí

Úsáid an sliocht thuas agus iarr ar na daltaí a shamhlú gur tuairisceoirí iad le nuachtán sna 1900idí luath. Iarr orthu tuairisc nuachtáin a scríobh faoi na coinníollacha maireachtála a bhíodh ag na daoine a bhí ina gcónaí ar Shráid Henrietta.

Iarr orthu smaoineamh faoin méid seo a leanas:

- an bhail a bhíodh ar na seomraí agus tithe
- na hábhair a d'úsáidtí sna foirgnimh
- an gnáthbhia a d'ití
- an chaoi a gcoinníodh daoine iad féin te nuair a bhíodh an aimsir fuar

Gníomhaíochtaí breise molta

- **Eagraigh** turas go dtí Ionad Cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist: Finné na Staire, áit ar féidir leis na daltaí níos mó a fhoghlaim faoin saol sna 1900idí luatha in Éirinn **www.gpowitnesshistory.ie/visit/**
- **Iarr** ar na páistí ceisteanna a réiteach roimh ré.
- **Iarr** ar na daltaí scríobh faoi shaol teaghlaigh shaibhir sna 1900idí luatha.
- **Iarr** ar na daltaí sliocht dialainne a scríobh ó dhearcadh páiste a chónaíonn sa tionóntán.
- **Fiosraigh** agus ansin scríobh liosta siopadóireachta do theaghlach i dtionóntán sna 1900idí luatha.
- **Cuir isteach ar** Chomórtas Lámhscríbhneoireachta An Post/Chumann Múinteoirí Éireann. Úsáid an ghníomhaíocht scríbhneoireachta thuas nó iarr ar do dhaltaí a saothar féin a scríobh i seánra ar bith bunaithe ar an téama 'An Saol sna 1900idí luatha.' Tá tuilleadh eolais ar fáil ar **www.anpostschoolbag.ie/competition**

anpostschoolbag.ie

Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha

STAIR AGUS GAEILGE

Naisc leis an gCuraclam

Stair

- Eolas a chur ar roinnt gnéithe de shaol na ndaoine san am atá thart m.sh. tithe cónaithe na ndaoine, bia, srl.
- Tuiscint d'athrú agus do leanúnachas a fhorbairt trí na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a iniúchadh
- Tátail shimplí a bhaint as fianaise
- An fhianaise agus an tsamhlaíocht a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú
- Mothúcháin agus inspreagadh daoine san am atá thart a shamhlú agus a phlé
- An tuiscint sin ar an am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla
- Staidéar a dhéanamh ar raon daoine agus imeachtaí san am atá thart chun tuiscint chothrom a fhorbairt ar stair náisiúnta

Gaeilge

- Smaointe agus coincheapa a iniúchadh agus a fhorbairt trí bheith ag caint, trí phlé treoraithe agus trí scríbhneoireacht
- Taithí a eagrú, a shoiléiriú, a léirmhíniú agus a leathnú trí scríbhneoireacht
- Seánraí difriúla scríbhneoireachta a iniúchadh
- Scríobh le haghaidh luchtanna léitheoireachta difriúla
- Príomhphointí, saincheisteanna agus brí bhunúsach téacs a shainaithint agus a mheas
- Iomas, mothúcháin, tuairimí, smaointe agus freagraí a chur in iúl i gcásanna réalaíocha trí bheith ag caint, trí phlé a dhéanamh agus trí scríbhneoireacht